Uisce Éireann sa nuacht arís

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chonspóid eile atá ag baint leis an gcomhlacht Uisce Éireann. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. ag bronnadh	a. *goals, aims*, *targets*
2. íocaíochtaí bónais	*b. it's necessary for*
3. chun solais	c. *presenting*
4. teoranta	*d. the public's welfare*
5. spriocanna	e. *to light*
6. an bhainistíocht	f. *a complete pretence*
7. leas an phobail	g. *the management*
8. meáite ar	*h. determined*
9. i dteagmháil le	*i. bonus payments*
10. is gá do	*j. limited*
	k. in contact with

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. De réir na tuairisce, cén fáth a bhfuil Uisce Éireann sa nuacht arís?
2. Cé a dúirt na nithe seo a leanas sa mhír?

✓ **…**go raibh an rialtas meáite ar na deacrachtaí agus na conspóidí a bhaineann le hUisce Éireann a réiteach.

✓ …go gcaithfidh an bhainistíocht in Uisce Éireann a bheith ag smaoineamh ar leas an phobail agus iad ag dearadh córas bónais.

✓ "Bhuel, tá an milleán ina iomláine ar an rialtas maidir leis an tubaiste ar a nglaoitear Uisce Éireann. Níl sna bónais ach an scéal is deireanaí."

✓ "Is ceist don Bhord é seo, d'Uisce Éireann. Níl aon pháirt, níl aon bhaint leis an rialtas sa cheist seo. Caithfidh an Bord é sin a réiteach."

✓ "Bhuel, beidh muid i dteagmháil le hUisce Éireann mar gheall air seo agus beimid ag iarraidh orthu é seo a réiteach go luath mar is gá do dhaoine clárú faoi láthair agus seo an t-am lena réiteach."

Ceist 3 '…níl aon pháirt…'

Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an bhfocal 'páirt' thuas? An bhfuil aon sampla eile agat?

Ceist 4 *Uisce Éireann*

1. Cad iad na comhlachtaí eile atá ar eolas agat a bhfuil an focal *Éireann* mar chuid d'ainm an chomhlachta?
2. Mínigh an difríocht idir na leaganacha seo thíos agus tabhair samplaí chun do mhíniú a léiriú:

   Éire
   Éirinn
   Éireann

Ceist 5 '…*ar **a g**cuid oibrithe*…'

1. Cén ghné den ghramadach atá i gceist thuas?
2. Cuir Gaeilge ar na habairtí seo anois.

- *I have money in my bag.*
- *Don't you like their coats?*
- *She lives in Galway.*
- *Our glasses are on that table over there.*
- *Give him his cup please.*
- *Eat your sandwiches now girls.*

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cad eile atá ar eolas agat faoi Uisce Éireann?
2. Cad a cheapann tú faoi na muirir uisce go ginearálta?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
c	i	e	j	a	g	d	h	k	b

Ceist 2
1. Tháinig sé chun solais gur féidir le foireann shinsearach Uisce Éireann bónas a fháil ar fiú suas le naoi déag faoin gcéad é. Agus ní hé go bhfuil an córas bónais teoranta dóibh siúd a bhainfidh a gcuid spriocanna amach. D'fhéadfadh go mbeadh oibrithe a bhféadfadh feabhas a theacht orthu bónas a fháil chomh maith.
2.

Michael Noonan, An tAire Airgeadais
- ✓ **…**go raibh an rialtas meáite ar na deacrachtaí agus na conspóidí a bhaineann le hUisce Éireann a réiteach.

An Taoiseach, Enda Kenny
- ✓ …go gcaithfidh an bhainistíocht in Uisce Éireann a bheith ag smaoineamh ar leas an phobail agus iad ag dearadh córas bónais.

Joe Higgins, TD, An Páirtí Sóisialach
- ✓ "Bhuel, tá an milleán ina iomláine ar an rialtas maidir leis an tubaiste ar a nglaoitear Uisce Éireann. Níl sna bónais ach an scéal is deireanaí."

Alex White TD, An tAire Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha
- ✓ "Is ceist don Bhord é seo, d'Uisce Éireann. Níl aon pháirt, níl aon bhaint leis an rialtas sa cheist seo. Caithfidh an Bord é sin a réiteach."

Julian de Spáinn, Conradh na Gaeilge
- ✓ "Bhuel, beidh muid i dteagmháil le hUisce Éireann mar gheall air seo agus beimid ag iarraidh orthu é seo a réiteach go luath mar is gá do dhaoine clárú faoi láthair agus seo an t-am lena réiteach."

Ceist 3
Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal a leanann ***aon*** san iolra agus san uatha. Ní chuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis ***aon*** má thosaíonn sé le *d, t, l, s,* nó *n.* Mar shampla: *aon duine* ach *aon fhadhb*.

Ceist 4
1. Raidió Teilifís Éireann, Bus Éireann, Telecom Éireann…
2. Éire – an tuiseal ainmneach. *Is tír álainn í Éire*.
   Éirinn – an tuiseal tabharthach. *Tá mo chara ag teacht go hÉirinn an tseachtain seo chugainn.*
   Éireann – an tuiseal ginideach. *Tá muintir na hÉireann an-chairdiúil ar fad.*

Ceist 5
1. An aidiacht shealbhach.
2. *Tá airgead i mo mhála agam.*
   Nach maith leat a gcótaí?
   Tá sí ina cónaí i nGaillimh.
   Tá ár ngloiní ar an tábla ansin thall.
   Tabhair a chupán tae dó.
   Ithigí bhur gceapairí anois, a chailíní.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Dúirt an Taoiseach go gcaithfidh bainistíocht Uisce Éireann smaoineamh ar leas an phobail agus iad ag bronnadh íocaíochtaí bónais ar a gcuid oibrithe. Ach dúirt sé gur cheist í na bónais don chomhlacht féin seachas don rialtas. Ach, dúirt an Teachta Dála ón bPáirtí Sóisialach, Joe Ó hUiginn, go bhfuil an rialtas ag iarraidh an locht a chur ar Uisce Éireann seachas orthu féin.

Caoimhe Ní Laighin
Tháinig sé chun solais inné go bhféadfadh foireann shinsearach Uisce Éireann a bheith i dteideal bónas ar fiú suas le naoi déag faoin gcéad iad a fháil. Agus, ní hé go bhfuil an córas bónais teoranta dóibh siúd a bhainfidh a gcuid spriocanna amach amháin. D'fhéadfadh go mbeadh oibrithe a bhféadfadh feabhas a theacht orthu bónas a fháil chomh maith.

Dúirt an Taoiseach, Enda Kenny, inniu go gcaithfidh an bhainistíocht in Uisce Éireann a bheith ag smaoineamh ar leas an phobail agus iad ag dearadh córas bónais, agus dúirt an tAire Alex White gur ceist í seo d'Uisce Éireann.

Alex White TD, An tAire Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha
Is ceist don Bhord é seo, d'Uisce Éireann. Níl aon pháirt, níl aon bhaint leis an rialtas sa cheist seo. Caithfidh an Bord é sin a réiteach.

Caoimhe Ní Laighin
Ach is cur i gcéill iomlán é, a deir Teachta Dála amháin, ag cur an lochta[1] ar Uisce Éireann seachas ar an rialtas.

Joe Higgins, TD, An Páirtí Sóisialach
Bhuel, tá an milleán ina iomláine ar an rialtas maidir leis an tubaiste ar a nglaoitear Uisce Éireann. Níl sna bónais ach an scéal is deireanaí.

Caoimhe Ní Laighin
Dúirt an tAire Airgeadais, Michael Noonan, inniu go raibh an rialtas meáite ar na deacrachtaí agus na conspóidí a bhaineann le hUisce Éireann a réiteach. Idir an dá linn, mar a tuairiscíodh ar Nuacht TG4 an tseachtain seo caite, níl sé i gceist ag Uisce Éireann go mbeidh custaiméirí in ann clárú ar líne i nGaeilge. Dúirt Conradh na Gaeilge linn inniu go bhfuil siad le gearán a dhéanamh faoi seo.

Bhuel, beidh muid i dteagmháil le hUisce Éireann mar gheall air seo agus beimid ag iarraidh orthu é seo a réiteach go luath mar is gá do dhaoine clárú faoi láthair agus seo an t-am lena réiteach.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4.

[1] Is dócha gur *an locht a chur* atá i gceist